2026/1917

6.8.2026

COMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS RÍOCHT NA hIORUA MAIDIR LE HAISTRIÚ SONRAÍ AS AN TAIFEAD AINMNEACHA PAISINÉIRÍ (PNR) CHUN CIONTA SCEIMHLITHEOIREACHTA AGUS COIREACHT THROMCHÚISEACH A CHOSC, A BHRATH, A IMSCRÚDÚ AGUS A IONCHÚISEAMH

AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' nó 'AE' freisin anseo feasta,

agus

RÍOCHT NA HIORUA, dá ngairtear 'an Iorua' freisin anseo feasta,

dá ngairtear 'na Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta,

Á AITHINT DÓIBH gur cuspóirí leasa ghinearálta iad cionta sceimhlitheoireachta, mar aon le coireacht thromchúiseach eile, a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha á gcaomhnú an tráth céanna, go háirithe na cearta chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí;

Á AITHINT DÓIBH gur comhpháirt riachtanach sa chomhrac i gcoinne cionta sceimhlitheoireachta agus coireachta thromchúiseach eile í an chomhroinnt faisnéise, agus sa chomhthéacs sin, gur ionstraim ríthábhachtach í úsáid na sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun na spriocanna sin a shaothrú;

Á AITHINT DÓIBH an tábhacht atá le sonraí PNR agus faisnéis anailíseach ábhartha agus iomchuí bunaithe ar shonraí PNR faoin gComhaontú seo idir na Páirtithe a chomhroinnt le húdaráis inniúla phóilíneachta agus bhreithiúnacha na hIorua, Bhallstáit an Aontais (Ballstáit), Europol agus Eurojust mar bhealach chun comhar idirnáisiúnta póilíneachta agus breithiúnach a chothú;

AG FÉACHAINT DÓIBH leis an gcomhar idir na Páirtithe maidir le PNR a fheabhsú agus a spreagadh trí mhalartú faisnéise agus comhar teicniúil idir saineolaithe náisiúnta ó na Ballstáit agus Aonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí (PIUnna) Thíortha Comhlachaithe Schengen, go háirithe maidir le critéir réamhchinntithe a fhorbairt agus maidir le gnéithe eile de phróiseáil PNR;

AG FÉACHAINT DO Rún 2396 (2017) agus Rún 2482 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-iarrtar ar na Stáit uile an cumas a fhorbairt chun sonraí PNR a bhailiú agus a phróiseáil, agus do Chaighdeáin agus Cleachtais Mholta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le sonraí PNR a bhailiú, a úsáid, a phróiseáil agus a chosaint arna nglacadh mar Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Chicago),

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil freagracht chomhroinnte ar na Páirtithe slándáil inmheánach a áirithiú laistigh de limistéar Schengen, lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha a mhalartú, agus go soláthraítear leis an gComhaontú seo uirlis éifeachtach d'údaráis inniúla na bPáirtithe chun an sprioc sin a bhaint amach in éagmais rialú ag teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen;

Á AITHINT DÓIBH nach bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith ag an gComhaontú seo maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailíonn agus a tharchuireann aeriompróirí chuig an Iorua chun críche rialaithe teorann;

AGUS AIRD Á TABHAIRT ar ghealltanais an Aontais de bhun Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach i ndáil le cearta bunúsacha a urramú, daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil de bhun Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, prionsabail na comhréireachta agus an riachtanais a bhaineann leis an gceart go ndéanfar an saol príobháidigh agus an saol teaghlaigh a urramú, an príobháideachas a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint faoi Airteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le cásdlí iomchuí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa Uimh. 108 chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch agus a Phrótacal breise 181;

Á AITHINT DÓIBH go bhfuil aistriú sonraí PNR ag aeriompróirí chuig an Iorua éigeantach faoi dhlí na hIorua;

Á AITHINT DÓIBH gurb í Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) an bunús atá le sonraí PNR a bheith á n-aistriú ag aeriompróirí chuig údaráis inniúla na mBallstát. In éineacht le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), áirithítear le Treoir (AE) 2016/681 ardleibhéal cosanta do chearta bunúsacha, go háirithe na cearta chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint;

Á AITHINT DÓIBH gur ghlac an Iorua le Treoir (AE) 2016/680 agus gur chuir sí an Treoir sin chun feidhme agus i bhfeidhm, i gcomhréir lena Comhaontú 1999 le Comhairle an Aontais Eorpaigh ([4]) maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ós rud é gur forbairt ar *acquis* Schengen í an Treoir sin. Thairis sin, agus ós rud é go bhfuil feidhm ag cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/680 ag an Iorua maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi ionstraimí dlí ar cuid de *acquis* Schengen iad, ba cheart a shoiléiriú go n-áirítear freisin le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/680 ag an Iorua próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla faoin gComhaontú seo;

Á AITHINT DÓIBH go bhfuil sé d'oibleagáid ar aeriompróirí atá bunaithe nó a thairgeann a seirbhísí san Aontas sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, agus go bhfuil feidhm ag an Rialachán sin freisin sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) toisc gur ionchorpraíodh é i gComhaontú LEE le Cinneadh 154/2018 ó Chomhchoiste LEE an 6 Iúil 2018;

AG MEABHRÚ DÓIBH an ceart chun saorghluaiseachta atá ag daoine sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), dá bhforáiltear in Airteagail 1(2), 28 agus 31 de Chomhaontú LEE, agus gur dócha gur cur isteach ar fheidhmiú na saorghluaiseachta i gcás daoine a bheadh in aon chóras náisiúnta lena gceanglaítear ar aeriompróirí sonraí PNR a aistriú agus ar na húdaráis inniúla sonraí PNR a phróiseáil, agus, dá bhrí sin, nach bhfuil údar le haon chur isteach ar fheidhmiú na saoirse sin ach amháin i gcás ina bhfuil sé bunaithe ar bhreithnithe oibiachtúla agus ina bhfuil sé comhréireach leis an gcuspóir dlisteanach atá á shaothrú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Cuspóir agus raon feidhme

1. Is é is cuspóir don Chomhaontú seo é a chur ar a gcumas d'aeriompróirí sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú ón Aontas chuig an Iorua agus rialacha agus coinníollacha a leagan síos faoina bhféadfaidh an Iorua na sonraí PNR sin a phróiseáil.

([1]) Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO AE L 119, 4.5.2016, lch. 132, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/681/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO AE L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([3]) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO AE L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj).

([4]) Comhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme (IO AE L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1999/439(1)/oj).

2. Is é is cuspóir don Chomhaontú seo freisin feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta agus breithiúnach idir an tAontas agus an Iorua i ndáil le sonraí PNR.

3. Cumhdaítear le raon feidhme an Chomhaontaithe seo aeriompróirí a oibríonn eitiltí paisinéirí idir an tAontas agus an Iorua, chomh maith le haeriompróirí atá ionchorpraithe san Aontas, nó a dhéanann sonraí a stóráil ann, agus a oibríonn eitiltí chuig an Iorua nó uaithi.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'aeriompróir' gnóthas aeriompair a bhfuil ceadúnas bailí oibríochta nó a choibhéis aige lena gceadaítear dó paisinéirí a iompar d'aer idir an tAontas agus an Iorua;

(2) ciallaíonn 'údaráis inniúla' na húdaráis phoiblí atá freagrach faoi dhlí náisiúnta na hIorua as cionta sceimhlitheoireachta nó coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh;

(3) ciallaíonn 'paisinéir' aon duine, lena n-áirítear duine atá i mbun traschuir nó idirthurais seachas ball den chriú, atá á iompar nó le hiompar ag aerárthach le toiliú an aeriompróra, agus an toiliú sin á léiriú le clárú an duine sin ar an liosta paisinéirí;

(4) Ciallaíonn 'Aonad na hIorua um Fhaisnéis Faoi Phaisinéirí' nó 'PIU na hIorua' an t údarás arna bhunú nó arna ainmniú ag an Iorua mar údarás atá freagrach as sonraí PNR a fháil agus a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo;

(5) ciallaíonn 'taifead ainmneacha paisinéirí' nó 'PNR' taifead de riachtanais taistil gach paisinéara ina bhfuil an fhaisnéis is gá chun go mbeidh na haeriompróirí atá i mbun áirithintí agus rannpháirteach in ann áirithintí a phróiseáil agus a rialú le haghaidh gach turas a chuireann aon duine in áirithe nó a chuirtear in áirithe thar a cheann, cibé acu atá sé i gcórais áirithinte, i gcórais rialaithe imeachta a úsáidtear chun paisinéirí a sheiceáil isteach ar eitiltí, nó córais chomhionanna lena soláthraítear na feidhmiúlachtaí céanna; go sonrach, mar a úsáidtear sa Chomhaontú seo, is iad na heilimintí a liostaítear go cuimsitheach san Iarscríbhinn atá i gceist le sonraí PNR;

(6) ciallaíonn 'coireacht thromchúiseach' na cionta is inphionóis le pianbhreith choimeádta uasta nó le hordú coinneála 3 bliana ar a laghad faoi dhlí náisiúnta na hIorua a bhfuil nasc oibiachtúil acu, fiú más nasc indíreach é, le haeriompar paisinéirí;

(7) ciallaíonn 'cion sceimhlitheoireachta':

(a) gníomh nó neamhghníomh a dhéantar a bhfuil cuspóir nó cúis pholaitiúil, reiligiúnach nó idé eolaíoch leis agus a bhfuil sé beartaithe leis an pobal a imeaglú a mhéid a bhaineann lena shlándáil, lena n-áirítear a shlándáil eacnamaíoch, nó gníomh nó neamhghníomh a dhéantar a bhfuil sé beartaithe leis iallach a chur ar dhuine, rialtas, eagraíocht intíre nó idirnáisiúnta aon ghníomh a dhéanamh nó staonadh ó aon ghníomh a dhéanamh, agus lena ndéantar na nithe seo a leanas d'aon ghnó:

(i) gníomh nó neamhghníomh ar cúis bháis nó mórdhíobhála coirp é;

(ii) gníomh nó neamhghníomh a chuireann saol duine aonair i mbaol;

(iii) gníomh nó neamhghníomh ar cúis le riosca tromchúiseach do shláinte nó do shábháilteacht an phobail é;

(iv) gníomh nó neamhghníomh ar cúis le damáiste substaintiúil do mhaoin é ar dócha go mbeadh an díobháil dá dtagraítear i bpointí (i), (ii) agus (iii) mar thoradh air; nó

(v) gníomh nó neamhghníomh ar cúis le cur isteach tromchúiseach ar sheirbhís, saoráid nó córas fíor riachtanach é, seachas mar thoradh ar abhcóideacht, agóid, easaontas nó stad oibre atá dleathach nó neamhdhleathach, amhail stailc, nach bhfuil sé beartaithe leis go mbeadh an díobháil dá dtagraítear i bpointí (i), (ii) agus (iii) mar thoradh air; nó

(b) gníomhaíochtaí ar cion iad laistigh de raon feidhme na gcoinbhinsiún agus na bprótacal idirnáisiúnta is infheidhme a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus mar a shainmhínítear iad sna coinbhinsiúin agus sna prótacail sin; nó

(c) páirt a ghlacadh go feasach in aon ghníomhaíocht d'fhonn feabhas a chur ar chumas eintitis sceimhlitheoireachta gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) a éascú nó a dhéanamh, nó rannchuidiú le gníomhaíocht den sórt sin, nó treoir a thabhairt do dhuine, do ghrúpa, nó d'eagraíocht gníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh; nó

(d) cion indíotáilte a dhéanamh i gcás ina ndéantar an gníomh nó an neamhghníomh atá i gceist leis an gcion chun tairbhe eintitis sceimhlitheoireachta, faoina threoir nó i gcomhar leis; nó

(e) maoin a bhailiú nó maoin nó seirbhísí airgeadais nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar nó a chur ar fáil, nó cuireadh a thabhairt do dhuine, do ghrúpa nó d'eagraíocht maoin nó seirbhísí den sórt sin a sholáthar d'fhonn gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) a dhéanamh nó maoin a úsáid nó a shealbhú d'fhonn gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) a dhéanamh; nó

(f) iarracht a dhéanamh, nó bagairt a dhéanamh, gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) a dhéanamh, comhcheilg, éascú, treoir a thabhairt nó comhairleoireacht a dhéanamh i ndáil le gníomh nó neamhghníomh a thuairiscítear in (a) nó (b), nó a bheith ina chúlpháirtí i ndiaidh an gnímh, nó tearmannú nó ceilt a dhéanamh d'fhonn eintiteas sceimhlitheoireachta a chumasú gníomh nó neamhghníomh a thuairiscítear in (a) nó (b) a éascú nó a dhéanamh; nó

(g) taisteal chuig an Iorua nó uaithi nó chuig Ballstát nó uaidh d'fhonn cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh, nó chun rannchuidiú lena dhéanamh de réir bhrí phointe (a) nó (b), nó d'fhonn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eintitis sceimhlitheoireachta de réir bhrí mhír 8 agus fios ag an duine go rannchuideoidh an rannpháirtíocht sin le gníomhaíochtaí coiriúla an eintitis sceimhlitheoireachta.

(8) ciallaíonn 'eintiteas sceimhlitheoireachta':

(a) duine, grúpa nó eagraíocht ar ceann dá c(h)ríocha nó dá g(h)níomhaíochtaí gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear i mír 7, pointe (a) nó (b), a éascú nó a dhéanamh; nó

(b) duine, grúpa nó eagraíocht a ghníomhaíonn go feasach thar ceann duine, grúpa nó eagraíocht den sórt sin dá dtagraítear i bpointe (a), nó a ghníomhaíonn faoina threoir nó faoina treoir nó in éineacht leis nó léi.

CAIBIDIL II

AISTRIÚ SONRAÍ PNR

Airteagal 3

Modh agus minicíocht an aistrithe

1. Áiritheoidh an Iorua go n-aistreoidh aeriompróirí sonraí PNR chuig PIU na hIorua go heisiach trí na sonraí PNR is gá a tharchur chuig bunachar sonraí an údaráis iarrthaigh (modh 'brú'), agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta seo a leanas atá le comhlíonadh ag aeriompróirí:

(a) trí mheán leictreonach i gcomhréir le ceanglais theicniúla PIU na hIorua nó, i gcás ina dtarlaíonn cliseadh teicniúil, trí aon mheán iomchuí eile lena n-áirithítear leibhéal iomchuí slándála sonraí;

(b) trí úsáid a bhaint as formáid teachtaireachta a nglactar léi go frithpháirteach, agus ar bhealach slán úsáid a bhaint as prótacail choiteanna mar a cheanglaítear le PIU na hIorua;

(c) go díreach nó trí ghníomhairí údaraithe a ghníomhaíonn thar ceann aeriompróra agus faoina fhreagracht, chun críoch na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo agus faoi na coinníollacha sin.

2. Ní cheanglóidh an Iorua ar aeriompróirí eilimintí de shonraí PNR a sholáthar nach bhfuil á gcoinneáil cheana féin, nó nach bhfuil bailithe ag aeriompróirí chun críocha a n-áirithintí nó i ngnáthchúrsa a ngnó.

3. Áiritheoidh an Iorua go scriosfaidh PIU na hIorua aon eilimint sonraí arna haistriú chuige ag aeriompróir de bhun an Chomhaontaithe seo ar na sonraí PNR a fháil, mura liostaítear an eilimint sonraí san Iarscríbhinn.

4. Áiritheoidh an Iorua go gcuirfidh PIU na hIorua de cheangal ar aeriompróirí sonraí PNR a aistriú ar an mbealach seo a leanas:

(a) ar bhonn sceidealaithe agus an pointe ama is luaithe a bheith suas le 48 n-uair an chloig roimh an imeacht sceidealta; agus

(b) cúig huaire ar a mhéad, i gcás eitilte ar leith.

5. Ceadóidh an Iorua d'aeriompróirí an t aistriú dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4 a theorannú do nuashonruithe ar na sonraí PNR arna n-aistriú dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír sin.

6. Áiritheoidh an Iorua go gcuirfidh PIU na hIorua aeriompróirí ar an eolas faoi na hamanna sonraithe le haghaidh na n-aistrithe.

7. I gcásanna sonracha ina léirítear go bhfuil gá le rochtain bhreise chun freagairt do bhagairt shonrach a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5, féadfaidh PIU na hIorua a cheangal ar aeriompróir sonraí PNR a chur ar fáil roimh na haistrithe sceidealta, idir na haistrithe sceidealta nó ina ndiaidh. Agus an rogha sin á feidhmiú ag an Iorua, gníomhóidh sí go breithiúnach agus go comhréireach agus ceanglóidh sí go n-úsáidfear an modh aistrithe dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 4

Ródaire API PNR

1. Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh go bhféadfaidh an Iorua a cheangal ar aeriompróirí sonraí PNR a aistriú chuig PIU na hIorua trí bhíthin an ródaire API PNR a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/13 ([5]).. Sa chás sin, déanfaidh an Iorua an méid seo a leanas:

(a) ní chuirfidh sí de cheangal ar aeriompróirí sonraí PNR a aistriú ar aon mhodh eile;

(b) beidh sí faoi cheangal ag na rialacha maidir le feidhmiú agus na coinníollacha a bhaineann le húsáid ródaire API-PNR mar a bhunaítear le Rialachán (AE) 2025/13, de mhaolú ar Airteagal 3(1), (4) agus (6) den Chomhaontú seo.

2. Tabharfaidh an Iorua fógra don Aontas faoina hiarraidh an ródaire API-PNR a úsáid. Glacfaidh an tAontas leis an iarraidh sin i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta.

3. Tabharfaidh an tAontas fógra i scríbhinn don Iorua trí bhealaí taidhleoireachta faoi aon leasú ar Rialachán (AE) 2025/13 a dhéanann difear do na rialacha maidir le feidhmiú agus na coinníollacha maidir le húsáid an ródaire API PNR. Laistigh de 120 lá ón bhfógra sin a fháil, féadfaidh an Iorua fógra a thabhairt don Aontas go bhfuil sé ar intinn aici scor d'úsáid an ródaire sin, agus sin a dhéanamh i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta. Sa chás sin, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúchán mar a fhoráiltear in Airteagal 23(1) agus beidh feidhm arís ag Airteagal 3(1), (4) agus (6).

([5]) Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (IO AE L, 2025/13, 8.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/13/oj).

CAIBIDIL III

PRÓISEÁIL AGUS COSAINT PNR

Airteagal 5

Cuspóirí phróiseáil PNR

Áiritheoidh an Iorua go ndéanfar sonraí PNR a fhaightear de bhun an Chomhaontaithe seo a phróiseáil chun cionta sceimhlitheoireachta nó coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus chun na críche sin amháin.

Airteagal 6

Módúlachtaí phróiseáil PNR

Féadfaidh PIU na hIorua sonraí PNR a phróiseáil go heisiach trí bhíthin na módúlachtaí sonracha próiseála seo a leanas:

(a) measúnú a dhéanamh ar phaisinéirí roimh a dteacht isteach sceidealaithe san Iorua nó a n-imeacht sceidealaithe as an Iorua chun daoine a shainaithint ar gá do na húdaráis inniúla scrúdú breise a dhéanamh orthu, i bhfianaise go bhféadfadh na daoine sin a bheith páirteach i gcion sceimhlitheoireachta nó i gcoireacht thromchúiseach i gcomhréir leis an measúnú fíor ama arna dhéanamh faoi Airteagal 7;

(b) cuardach a dhéanamh ar bhunachar sonraí na sonraí PNR arna gcoinneáil d'fhonn freagra a thabhairt, ar bhonn cás ar chás, ar iarraidh chuí réasúnaithe arna cur isteach de bhun Airteagail 13 agus 14 agus, i gcás inarb iomchuí, aon sonraí PNR ábhartha nó torthaí a bpróiseála a nochtadh;

(c) anailís a dhéanamh ar shonraí PNR chun critéir nua a thabhairt cothrom le dáta, a thástáil nó a chruthú, ar critéir iad a bheidh le húsáid sna measúnuithe arna ndéanamh faoi Airteagal 7(1)(b), d'fhonn aon duine a d'fhéadfadh a bheith páirteach i gcion sceimhlitheoireachta nó i gcoireacht thromchúiseach a shainaithint.

Airteagal 7

Measúnú fíor ama

1. Agus measúnú dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 6 á dhéanamh aige, féadfaidh PIU na hIorua an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) sonraí PNR a chur i gcomparáid le bunachair sonraí maidir le daoine nó ábhair atá á lorg nó faoi fholáireamh, agus bunachair sonraí den sórt sin amháin, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha idirnáisiúnta agus náisiúnta is infheidhme maidir le bunachair sonraí den sórt sin; agus

(b) sonraí PNR a phróiseáil de réir critéir réamhbhunaithe.

2. Áiritheoidh an Iorua go mbeidh na bunachair sonraí dá dtagraítear i mír 1(a) den Airteagal seo neamh idirdhealaitheach, iontaofa, cothrom le dáta agus teoranta dóibh siúd arna n-úsáid ag údaráis inniúla na hIorua i ndáil leis na críocha a leagtar amach in Airteagal 5 agus ábhartha chun na gcríoch sin.

3. Áiritheoidh an Iorua go mbeidh aon mheasúnú ar shonraí PNR dá dtagraítear i mír 1(b) den Airteagal seo bunaithe ar shamhlacha agus ar chritéir réamhbhunaithe atá neamh idirdhealaitheach, sonrach agus iontaofa chun a chur ar a chumas do PIU na hIorua teacht ar thorthaí atá dírithe ar dhaoine aonair a d'fhéadfadh amhras réasúnach a bheith ann go bhfuil baint acu le cionta sceimhlitheoireachta nó le coireacht thromchúiseach nó go bhfuil siad rannpháirteach iontu. Áiritheoidh an Iorua nach mbeidh imthosca ar bith i gceist ina mbeidh na critéir sin bunaithe ar chine nó bunús eitneach, ar thuairimí polaitíochta, reiligiún nó creideamh fealsúnach, ar bhallraíocht ceardchumainn, ar shláinte, ar chleachtadh gnéis ná ar ghnéaschlaonadh duine.

4. Áiritheoidh an Iorua go ndéanfaidh PIU na hIorua athbhreithniú aonair ar aon mheaitseáil dhearfach a eascraíonn as próiseáil fíor ama ar shonraí PNR trí mhodhanna neamh uathoibrithe.

Airteagal 8

Catagóirí speisialta sonraí

1. Faoin gComhaontú seo, toirmiscfear aon phróiseáil a dhéanamh ar shonraí PNR lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus toirmiscfear próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

2. A mhéid a chuimsítear catagóirí speisialta sonraí pearsanta den sórt sin sna sonraí PNR a fhaigheann PIU na hIorua faoin gComhaontú seo, scriosfaidh PIU na hIorua na sonraí sin láithreach.

Airteagal 9

Slándáil agus sláine sonraí

1. Áiritheoidh an Iorua go ndéanfar sonraí PNR a fhaightear faoin gComhaontú seo a phróiseáil ar bhealach lena n-áirithítear ardleibhéal slándála sonraí is iomchuí do na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil agus le cineál na sonraí PNR a fhaightear faoin gComhaontú seo. Go háirithe, déanfaidh PIU na hIorua an méid seo a leanas:

(a) bearta agus nósanna imeachta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun leibhéal slándála den sórt sin a áirithiú;

(b) nósanna imeachta criptiúcháin, údaraithe agus doiciméadachta a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí PNR;

(c) rochtain ar shonraí PNR a theorannú go baill foirne údaraithe; agus

(d) sonraí PNR a stóráil i dtimpeallacht fhisiceach shlán a chosnaítear le rialuithe rochtana.

2. Áiritheoidh an Iorua go bhfuil aon sárú ar shlándáil sonraí, go háirithe aon sárú a mbeidh scriosadh de thaisme nó go neamhdhleathach nó cailleadh, athrú, nochtadh nó rochtain neamhúdaraithe de thaisme mar thoradh air, nó próiseáil neamhdhleathach d'aon chineál faoi réir bearta ceartaitheacha éifeachtacha athchomhairleacha.

3. Déanfaidh an Iorua aon sárú ar shlándáil sonraí a thuairisciú don údarás maoirseachta náisiúnta arna bhunú de bhun Airteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680.

Airteagal 10

Próiseáil sonraí PNR a logáil agus a dhoiciméadú

1. Déanfaidh PIU na hIorua gach próiseáil ar shonraí PNR a logáil agus a dhoiciméadú. Ní úsáidfidh an Iorua comhad loga ná doiciméadacht den sórt sin ach amháin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) féinfhaireachán a dhéanamh agus dlíthiúlacht na próiseála sonraí a fhíorú;

(b) sláine chuí sonraí nó feidhmiúlacht chuí an chórais a áirithiú;

(c) slándáil na próiseála sonraí a áirithiú; agus

(d) formhaoirseacht agus cuntasacht an riaracháin phoiblí a áirithiú.

2. Arna iarraidh sin, cuirfear comhaid loga nó doiciméadacht a choimeádtar faoi mhír 1 in iúl don údarás maoirseachta náisiúnta nach n-úsáidfidh an fhaisnéis sin ach amháin chun fomhaoirseacht a dhéanamh ar chosaint sonraí agus chun próiseáil chuí sonraí chomh maith le sláine agus slándáil sonraí a áirithiú.

CAIBIDIL IV

STÓRÁIL AGUS NOCHTADH SONRAÍ PNR

Airteagal 11

Tréimhsí stórála

1. Áiritheoidh an Iorua an méid seo a leanas maidir le stóráil sonraí PNR a fhaightear faoin gComhaontú:

(a) nach stórálfar iad ach amháin a fhad agus atá nasc oibiachtúil ann, fiú nasc indíreach, idir na sonraí PNR a stóráiltear agus ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5; agus

(b) go stórálfar iad in aon chás ar feadh tréimhsí nach faide ná 5 bliana.

2. De bhun mhír 1 den Airteagal seo, ní fhéadfaidh PIU na hIorua sonraí PNR na n-aerphaisinéirí uile a stóráil ach ar feadh tréimhse tosaigh a bhfuil foráil le déanamh di ina dhlí náisiúnta. Ní rachaidh fad na tréimhse tosaigh sin thar a bhfuil fíor riachtanach chun go bhféadfaidh an PIU na cuardaigh dá dtagraítear in Airteagal 6 pointe (b) a dhéanamh, chun daoine a shainaithint nach raibh amhras ann cheana go raibh baint acu le cionta sceimhlitheoireachta nó le coireacht thromchúiseach ar bhonn an mheasúnaithe fíor ama arna dhéanamh faoi Airteagal 6 pointe (a).

3. Tar éis na tréimhse tosaigh dá dtagraítear i mír 2, ní fhéadfaidh PIU na hIorua sonraí PNR a stóráil ach amháin i ndáil le paisinéirí a bhfuil fianaise oibiachtúil ann ina leith a d'fhéadfadh riosca a dhuí a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta nó le coireacht thromchúiseach.

4. Áiritheoidh an Iorua go ndéanfaidh PIU na hIorua athbhreithniú ar bhonn tráthrialta ar an ngá atá le stóráil leanúnach sonraí PNR de bhun mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo.

5. Tráth dhul in éag na tréimhse stórála iomchuí, áiritheoidh an Iorua go ndéanfar sonraí PNR a scriosadh go neamh inchúlghairthe nó go ndéanfar sonraí anaithnide díobh ar bhealach nach féidir na hábhair sonraí lena mbaineann a shainaithint a thuilleadh.

6. De mhaolú ar mhír 1(b), féadfaidh an Iorua stóráil sonraí PNR a cheadú, ar sonraí iad a bhfuil gá leo chun athbhreithniú, imscrúdú, gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, imeachtaí breithiúnacha, ionchúiseamh, nó forfheidhmiú pionós a dhéanamh, go dtí go dtabharfar an próiseas ábhartha i gcrích.

Airteagal 12

Díphearsantú

1. Déanfaidh PIU na hIorua sonraí PNR a dhíphearsantú 6 mhí ar a dhéanaí tar éis iad a fháil. Déanfaidh sé amhlaidh trí na heilimintí sonraí seo a leanas a cheilt, ar eilimintí sonraí iad lena bhféadfaí an paisinéir lena mbaineann na sonraí PNR a shainaithint go díreach:

(a) ainm(neacha), lena n-áirítear ainmneacha paisinéirí eile ar an PNR agus líon na dtaistealaithe ar an PNR atá ag taisteal le chéile;

(b) seoladh agus faisnéis teagmhála;

(c) gach cineál faisnéise íocaíochta, lena n-áirítear seoladh billeála, a mhéid atá aon fhaisnéis ann lena bhféadfaí an paisinéir lena mbaineann na sonraí PNR nó aon duine eile a shainaithint go díreach;

(d) faisnéis maidir le dílseacht eitilte;

(e) barúlacha ginearálta a mhéid atá aon fhaisnéis iontu lena bhféadfaí an paisinéir lena mbaineann na sonraí PNR a shainaithint go díreach: agus

(f) aon sonraí API atá bailithe.

2. Ní fhéadfaidh PIU na hIorua na heilimintí sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a nochtadh ach amháin chun críocha Airteagal 5 agus faoi choinníollacha Airteagail 13 nó 14.

Airteagal 13

Nochtadh laistigh den Iorua

1. Agus freagra á thabhairt ar iarraidh chuí réasúnaithe arna seoladh ag údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 6(b), ní nochtfaidh PIU na hIorua, ar bhonn cás ar chás, sonraí PNR nó torthaí a bpróiseála, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) tá gá le nochtadh den sórt sin chun ceann de na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5 a bhaint amach;

(b) nochtfar an t íosmhéid sonraí PNR is gá;

(c) tugann an t údarás inniúil is faighteoir cosaint atá coibhéiseach leis na coimircí dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo;

(d) tá formheas tugtha don nochtadh ag údarás breithiúnach nó comhlacht neamhspleách eile atá inniúil faoin dlí náisiúnta chun a fhíorú an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le nochtadh.

2. De mhaolú ar phointe (d) de mhír 1, féadfaidh PIU na hIorua sonraí PNR a nochtadh i gcásanna práinne a bhfuil údar cuí leo gan athbhreithniú ná formheas roimh ré. I gcásanna den sórt sin, ní mór an t athbhreithniú dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 a dhéanamh laistigh de thréimhse ghearr.

3. Áiritheoidh an Iorua nach nochtfaidh an t údarás inniúil is faighteoir sonraí PNR d'údarás eile ach amháin má údaraíonn PIU na hIorua an nochtadh go sainráite.

Airteagal 14

Nochtadh lasmuigh den Iorua agus den Aontas

1. Agus freagra á thabhairt ar iarraidh chuí réasúnaithe arna seoladh ag údarás inniúil tíortha nach Ballstáit iad i gcomhréir le hAirteagal 6(b), ní nochtfaidh PIU na hIorua, ar bhonn cás ar chás, sonraí PNR nó torthaí a bpróiseála, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) tá gá le nochtadh den sórt sin chun ceann de na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5 a bhaint amach;

(b) nochtfar an t íosmhéid sonraí PNR is gá;

(c) an tír ar dá húdarás a bhfuil na sonraí PNR le nochtadh, tá Comhaontú tugtha i gcrích leis an Aontas ag an tír sin lena bhforáiltear do chosaint sonraí pearsanta atá inchomparáide leis an gComhaontú seo nó tá an tír sin faoi réir cinneadh ón gCoimisiún Eorpach de bhun dhlí an Aontais, lena gcinntear go n-áirithíonn an tír sin leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí de réir bhrí dhlí an Aontais;

(d) tá formheas tugtha don nochtadh ag údarás breithiúnach nó comhlacht neamhspleách eile atá inniúil faoin dlí náisiúnta chun a fhíorú an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le nochtadh.

2. De mhaolú ar mhír 1(c), féadfaidh PIU na hIorua sonraí PNR a nochtadh do thír eile má mheasann sé go bhfuil an nochtadh riachtanach chun garbhagairt thromchúiseach ar an tslándáil phoiblí a chosc nó a imscrúdú agus má thugann an tír sin dearbhú i scríbhinn, de bhun socraithe, comhaontú nó eile, go gcosnófar an fhaisnéis i gcomhréir leis na coimircí a leagtar amach sa Chomhaontú seo.

3. De mhaolú ar mhír 1(d), féadfaidh PIU na hIorua sonraí PNR a nochtadh i gcásanna práinne a bhfuil údar cuí leo gan athbhreithniú agus formheas roimh ré. I gcásanna den sórt sin, ní mór an t athbhreithniú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh laistigh de thréimhse ghearr.

Airteagal 15

Faisnéis a bhaineann le PNR a mhalartú

1. Roinnfidh PIU na hIorua le Europol nó le Eurojust, laistigh de raon feidhme a sainorduithe faoi seach, nó le PIUnna na mBallstát, sonraí PNR, torthaí phróiseáil na sonraí sin, nó faisnéis anailíseach atá bunaithe ar shonraí PNR, a luaithe is féidir agus i gcásanna sonracha nuair is gá chun sceimhlitheoireacht nó coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Roinnfidh PIU na hIorua faisnéis den sórt sin ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Europol nó Eurojust, laistigh de raon feidhme a sainorduithe faoi seach, nó do PIUnna na mBallstát.

2. Roinnfidh PIUnna na mBallstát le PIU na hIorua sonraí PNR, torthaí phróiseáil na sonraí sin, nó faisnéis anailíseach atá bunaithe ar shonraí PNR, a luaithe is féidir agus i gcásanna sonracha nuair is gá chun sceimhlitheoireacht nó coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Roinnfidh PIUnna na mBallstát faisnéis den sórt sin ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin do PIU na hIorua.

3. Áiritheoidh na Páirtithe go roinnfear an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le comhar i bhforfheidhmiú an dlí nó comhroinnt faisnéise idir an Iorua agus Europol nó Eurojust, nó an Ballstát ábhartha. Go háirithe, déanfar faisnéis a mhalartú le Europol faoin Airteagal seo trí bhealach slán cumarsáide arna bhunú chun faisnéis a mhalartú.

CAIBIDIL V

COSAINT SONRAÍ

Airteagal 16

Cearta agus oibleagáidí faoi Threoir (AE) 2016/680

1. Áiritheoidh an Iorua, i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun críocha an Chomhaontaithe seo, go gcuirfidh sí i bhfeidhm cearta agus hoibleagáidí atá mar an gcéanna leo siúd dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2016/680, lena n-áirítear aon leasú ar an Treoir sin ar ghlac an Iorua leis agus a chuir sí chun feidhme i gcomhréir leis an gComhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Íoslainn agus an Iorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

2. Déanfaidh údarás maoirseachta neamhspleách arna bhunú i gcomhréir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/680 ag an Iorua maoirseacht ar phróiseáil sonraí pearsanta ag PIU na hIorua, lena n-áirítear aon leasú uirthi ar ghlac an Iorua leis agus a chuir sí chun feidhme i gcomhréir leis an gComhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Íoslainn agus an Iorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chur i bhfeidhm aon fhoráil níos sonraí sa Chomhaontú seo a bhaineann le sonraí PNR a phróiseáil.

Airteagal 17

Trédhearcacht agus faisnéis

1. Áiritheoidh an Iorua go gcuirfidh PIU na hIorua an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar a shuíomh gréasáin:

(a) liosta den reachtaíocht lena n-údaraítear aistriú sonraí PNR ag aeriompróirí;

(b) an chúis le sonraí PNR a bhailiú agus a stóráil;

(c) an bealach ina ndéanfar na sonraí PNR a phróiseáil agus a chosaint;

(d) an modh agus an méid a fhéadfar na sonraí PNR a nochtadh d'údaráis inniúla eile; agus

(e) faisnéis teagmhála le haghaidh fiosrúchán.

2. Oibreoidh an Iorua le tríú páirtithe leasmhara, amhail an tionscal eitlíochta agus aerthaistil, chun trédhearcacht a chur chun cinn, tráth na háirithinte, maidir leis na cúiseanna atá le sonraí PNR a bhailiú agus a phróiseáil, agus maidir leis an gcaoi chun rochtain, ceartú agus sásamh a iarraidh.

3. Más rud é go ndearnadh sonraí PNR arna gcoinneáil i gcomhréir le hAirteagal 11 a nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 13 nó le hAirteagal 14, cuirfidh an Iorua na paisinéirí lena mbaineann ar an eolas, agus iarrachtaí réasúnta á gcur san áireamh, trí bhíthin na módúlachtaí a leagtar amach de bhun Airteagal 13(2)(d) de Threoir (AE) 2016/680, agus laistigh de thréimhse réasúnta a luaithe nach dócha a thuilleadh go gcuirfidh an fógra sin imscrúduithe na n-údarás poiblí lena mbaineann i mbaol a mhéid atá faisnéis teagmhála ábhartha na bpaisinéirí ar fáil nó a mhéid is féidir í a aisghabháil.

CAIBIDL VI

FORALACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 18

Fógraí

1. Tabharfaidh an Iorua an tAontas fógra i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta faoi shonraí na n-údarás seo a leanas:

(a) PIU na hIorua dá dtagraítear in Airteagal 2(4);

(b) údarás maoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 9(3).

2. Tabharfaidh an Iorua fógra gan mhoill faoi aon athrú ar an bhfáisnéis dá dtagraítear i mír 1.

3. Cuirfidh an tAontas an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar fáil don phobal.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm

1. Déanfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí ina dhiaidh sin ón dáta a gheofar an fógra i scríbhinn lenar thug an Iorua fógra don Aontas faoi na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 18(1) nó faoi na fógraí i scríbhinn lenar thug na Páirtithe fógra dá chéile trí bhealaí taidhleoireachta go bhfuil na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo curtha i gcrích, cibé acu is déanaí.

Airteagal 20

Réiteach díospóidí agus fionraí

1. Réiteoidh na Páirtithe aon díospóid maidir le léirmhíniú, cur i bhfeidhm nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo trí chomhairliúcháin d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach, lena n-áirítear deis a thabhairt do cheachtar Páirtí comhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnta.

2. Féadfaidh ceachtar Páirtí cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile trí bhealaí taidhleoireachta. Ní thabharfar fógra i scríbhinn den sórt sin go dtí go mbeidh tréimhse réasúnta comhairliúcháin caite ag na Páirtithe. Tiocfaidh an fhionraí i bhfeidhm 2 mhí ó dháta an fhógra sin, mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt go comhpháirteach.

3. An Páirtí a chuir cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar fionraí, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas láithreach faoin dáta a chuirfear tús le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo arís, a luaithe a mheasfaidh sé nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna leis an bhfionraí. Tabharfaidh an Páirtí fionraíochta fógra i scríbhinn don Pháirtí eile.

4. Leanfaidh an Iorua de théarmaí an Chomhaontaithe seo a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí PNR uile a fhaightear sula gcuirfear an Comhaontú seo ar fionraí.

Airteagal 21

Foirceannadh

1. Féadfaidh ceachtar Páirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn a thabhairt trí bhealaí taidhleoireachta. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh 3 mhí tar éis an dáta a fhaightear an fógra i scríbhinn.

2. Má thugann ceachtar Páirtí fógra foirceanta faoin Airteagal seo, cinnfidh na Páirtithe cé na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar aon chomhar arna thionscnamh faoin gComhaontú seo a thabhairt i gcrích ar bhealach iomchuí.

3. Leanfaidh an Iorua de théarmaí an Chomhaontaithe seo a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí PNR uile a fhaightear sula ndéanfar an Comhaontú seo a fhoirceannadh..

Airteagal 22

Leasuithe

1. Féadfar an Comhaontú seo a leasú tráth ar bith de chomhthoil idir na Páirtithe. Tiocfaidh na leasuithe ar an gComhaontú seo i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 19.

2. Féadfar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo a thabhairt cothrom le dáta, de chomhthoil idir na Páirtithe arna chur in iúl trí fhógra i scríbhinn a mhalartaítear trí bhealaí taidhleoireachta. Tiocfaidh nuashonruithe den sórt sin i bhfeidhm an dáta dá dtagraítear in Airteagal 19(2).

Airteagal 23

Comhairliúchán agus meastóireacht

1. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile maidir le saincheisteanna a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo. Cuirfidh siad in iúl dá chéile aon bheart a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don Chomhaontú seo.

2. Déanfaidh na Páirtithe meastóireacht chomhpháirteach ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo má iarrann ceachtar Páirtí amhlaidh agus má chinntear go comhpháirteach é. Agus athbhreithniú den sórt sin á dhéanamh acu, tabharfaidh na Páirtithe aird ar leith ar an ngá atá le sonraí PNR a phróiseáil le haghaidh gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5 agus ar chomhréireacht na próiseála sin. Déanfaidh na Páirtithe cinneadh roimh ré maidir le módúlachtaí na meastóireachtaí sin.

Airteagal 24

Cur i bhfeidhm críochach

1. Beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir le críoch an Aontais i gcomhréir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus maidir le críoch na hIorua.

2. Faoi dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, tabharfaidh an tAontas fógra don Iorua faoi na Ballstáit a bhfuil feidhm ag an gComhaontú seo maidir lena gcríocha. Féadfaidh sé ina dhiaidh sin, tráth ar bith, fógra a thabhairt faoi aon athrú air.

Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus san Ioruais, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin. I gcás ina mbeidh aon éagsúlacht idir téacsanna an Chomhaontaithe seo, is ag an téacs Béarla a bheidh an forlámhas.

DÁ FHIANÚ SIN, tá na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, atá údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Comhaontú seo a shíniú,

Съставено в Люксембург на четиринадесети октомври две хиляди двадесет и пета година.

Hecho en Luxemburgo, el catorce de octubre de dos mil veinticinco.

V Lucemburku dne čtrnáctého října dva tisíce dvacet pět.

Udfærdiget i Luxembourg den fjortende oktober to tusind og femogtyve.

Geschehen zu Luxemburg am vierzehnten Oktober zweitausendfünfundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne viienda aasta oktoobrikuu neljateistkümnendal päeval Luxembourgis.

Έγινε στο Λουξεμβούργο, στις δεκατέσσερις Οκτωβρίου δύο χιλιάδες είκοσι πέντε.

Done at Luxembourg on the fourteenth day of October in the year two thousand and twenty-five.

Fait à Luxembourg, le quatorze octobre deux mille vingt-cinq.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an ceathrú lá déag de Dheireadh Fómhair sa bhliain dhá mhíle fiche a cúig.

Sastavljeno u Luxembourgu četrnaestog listopada godine dvije tisuće dvadeset pete.

Fatto a Lussemburgo, addì quattordici ottobre duemilaventicinque.

Luksemburgā, divi tūkstoši divdesmit piektā gada četrpadsmitajā oktobrī.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt penktų metų spalio keturioliktą dieną Liuksemburge.

Kelt Luxembourgban, a kétezerhuszonötödik év október havának tizennegyedik napján.

Magħmul fil-Lussemburgu, fl-erbatax-il jum ta' Ottubru fis-sena elfejn u ħamsa u għoxrin.

Gedaan te Luxemburg, veertien oktober tweeduizend vijfentwintig.

Sporządzono w Luksemburgu dnia czternastego października roku dwa tysiące dwudziestego piątego.

Feito em Luxemburgo, em catorze de outubro de dois mil e vinte e cinco.

Întocmit la Luxemburg la paisprezece octombrie două mii douăzeci și cinci.

V Luxemburgu štrnásteho októbra dvetisícdvadsaťpäť.


V Luxembourgu, štirinajstega oktobra dva tisoč petindvajset.

Tehty Luxemburgissa neljäntenätoista päivänä lokakuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäviisi.


Som skedde i Luxemburg den fjortonde oktober år tjugohundratjugofem.

Utferdiget i Luxembourg fjortende oktober to tusen og tjuefem.

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen
For Den Europeiske Union



За Кралство Норвегия
Por el Reino de Noruega
Za Norské království
For Kongeriget Norge
Für das Königreich Norwegen
Norra Kuningriigi nimel
Για το Βασίλειο της Νορβηγίας
For the Kingdom of Norway
Pour le Royaume de Norvège
Thar ceann Ríocht na hIorua
Za Kraljevinu Norvešku
Per il Regno di Norvegia
Norvēģijas Karalistes vārdā –
Norvegijos Karalystės vardu
A Norvég Királyság részéről
Għar-Renju tan-Norveġja
Voor het Koninkrijk Noorwegen
W imieniu Królestwa Norwegii
Pelo Reino da Noruega
Pentru Regatul Norvegiei
Za Nórske kráľovstvo
Za Kraljevino Norveško
Norjan kuningaskunnan puolesta
För Konungariket Norge
For Kongeriket Norge



IARSCRÍBHINN

EILIMINTÍ SONRAÍ AS AN TAIFEAD AINMNEACHA PAISINÉIRÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2(5)

1. Aimsitheoir taifid PNR

2. Dáta na háirithinte/dáta eisiúna an ticéid

3. Dáta nó dátaí an taistil atá beartaithe

4. Ainm nó ainmneacha

5. Seoladh agus faisnéis teagmhála, is iad sin uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist a bhaineann leis na paisinéirí

6. Faisnéis a bhaineann leis na modhanna íocaíochta le haghaidh an aerthicéid agus le billeáil an aerthicéid

7. Cúrsa taistil iomlán le haghaidh PNR sonrach

8. Sonraí maidir le dílseacht eitilte a bhaineann leis an bpaisinéir nó leis na paisinéirí (stádas agus uimhir na dílseachta eitilte)

9. Gníomhaireacht taistil/gníomhaire taistil

10. Stádas taistil paisinéirí, lena n-áirítear deimhnithe, stádas ó thaobh seiceáil isteach de, faisnéis maidir le paisinéirí nach dtagann i láthair nó a dteastaíonn eitilt níos luaithe uathu;

11. Faisnéis PNR scoilte-roinnte

12. Faisnéis a bhaineann le mionaoisigh neamhthionlactha faoi bhun 18 mbliana d'aois: ainm, inscne, aois, teanga nó teangacha a labhraítear, ainm agus sonraí teagmhála an chaomhnóra ag an aerfort imeachta agus an gaol atá ag an gcaomhnóir leis an mionaoiseach, ainm agus sonraí teagmhála an chaomhnóra ag an aerfort teachta agus an gaol atá ag an gcaomhnóir leis an mionaoiseach, ainm an ghníomhaire imeachta agus an ghníomhaire teachta

13. Faisnéis maidir leis an réimse ticéid, lena n-áirítear uimhir an ticéid, an dáta a eisíodh an ticéad agus ticéid aontreo, réimsí uathoibrithe chun praghas ticéid a bhreacadh

14. Uimhir an tsuíocháin agus faisnéis eile faoin suíochán

15. Faisnéis maidir le códroinnt

16. An fhaisnéis uile maidir le bagáiste

17. Líon agus ainmneacha eile na dtaistealaithe ar an PNR

18. Aon eilimint sonraí réamhfhaisnéise faoi phaisinéirí (API) a mhéid a bhailigh iompróirí cheana féin iad

19. Gach athrú stairiúil a rinneadh ar an PNR atá liostaithe i bpointí 1 go 18